Aonad 3

Revenue
Cáin agus Custaim na hÉireann
Irish Tax and Customs

# Cáin Ioncaim d’Fhostaithe

## Bréagnú na Miotas



An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

| Miotas | Fíric |
|---|---|
| Is scoláire mé, agus dá bhrí sin, ciallaíonn sin nach n-íocaim cáin. | Ní chuireann sé isteach ar an méid cánach a íocann tú más scoláire thú. De ghnáth, oibríonn scoláirí go páirtaimseartha nó tuilleann siad faoi €13,000 in aghaidh na bliana. Is cuma má tá tú i do scoláire nó nach bhfuil, ní íocann aon duine Cáin ná MSU má thuilleann siad faoin méid sin. |
| Ba cheart dom an méid céanna cánach a íoc ar mo dhuillín pá agus a íocann mo chara ag an obair, tá ár bpá mar a chéile. | Cé go bhfuil sé sin fíor i bhformhór na gcásanna, bíonn tionchar ag creidmheasanna cánach ar an méid cánach a íocann tú. Tá creidmheasanna cánach ceangailte le cúinsí pearsanta agus tá níos mó nó níos lú ag daoine áirithe bunaithe ar a stíl mhaireachtála m.sh., a bheith pósta, a bheith i do thuismitheoir singil, ag fáil íocaíocht leasa shóisialaigh srl. |
| Is féidir liom aisíocaíocht a éileamh ar aon chreidmheasanna cánach nár éiligh mé i rith na bliana. | Úsáidtear creidmheasanna cánach chun laghdú a dhéanamh ar an méid cánach a íocann tú. Mar sin féin, ní aistríonn creidmheas cánach go dtí airgead tirim. Murar úsáid tú méid iomlán do chreidmheasanna cánach i rith na bliana, ní féidir leat an luach airgid a éileamh in aisíocaíocht. |
| Nuair a thosóidh mé ag obair den chéad uair, déanfaidh m’fhostóir mo chánacha a réiteach domsa. | Nuair a thosaíonn tú ar do chéad phost, ní mór duit do phost a chlárú leis na Coimisinéirí Ioncaim. Seachas sin, ní bheidh na Coimisinéirí Ioncaim in ann treoracha a chur chuig d’fhostóir maidir le conas a ghearrfar cáin ort. Beidh ar d’fhostóir cáin a ghearradh ort ansin ar bhonn éigeandála go dtí go mbeidh d’fhostaíocht cláraithe agat. |

| Miotas | Fíric |
| --- | --- |
| Níor íoc mé dóthain cánach mar rinne m’fhostóir botún nuair a d’oibrigh sé amach mo cháin. Ní ormsa a bhí an locht, mar sin ní gá dom íoc. | Ar deireadh thiar thall tá tú freagrach as do cháin a íoc. Fiú mura ndearna tú féin dearmad an cháin a íoc go hiomlán, tá sé fós de dhualgas ort an méid iomlán a íoc. Dá bhrí sin, chun laghdú a dhéanamh ar riosca earráidí, déan seo:<br>• Seiceáil do Dheimhniú Creidmheasanna Cánach gach bliain chun a chinntiú go bhfuil sé ceart<br>• Inis do na Coimisinéirí Ioncaim má tá athrú tagtha ar do chúinsí. San áireamh anseo, coinnigh do shonraí pearsanta cothrom le dáta, do sheoladh, mar shampla, agus athruithe ar chúinsí a d’fhéadfadh difear a dhéanamh do chreidmheas cánach a d’fhéadfá a fháil.<br>• Cuir na Coimisinéirí Ioncaim ar an eolas faoi aon ioncam neamh-ÍMAT. Seans go mbeidh ort cáin agus / nó MSU a íoc i leith an ioncaim seo. |
| Má fhaighim an dara post íocfaidh mé níos mó cánach. | Is cuma cé mhéad post a d’fhéadfadh a bheith agat, gearrtar cáin ort bunaithe ar d’ioncam.<br>Dá bhrí sin, ní íocfaidh tú níos mó cánach mar go bhfuil níos mó ná post amháin agat, ach mar go bhfuil níos mó ioncaim agat.<br>Mar sin féin, is gá duit a chinntiú go ndéanann tú do chreidmheasanna agus do bhandaí ráta a roinnt idir do chuid fostaíochtaí. Mura ndéanann tú sin, gearrfar cáin ar an dara post ag an ráta cánach is airde. |